IORRAS

Ag an Ċúirt Ḋúiċe i mBéal an Ṁuirṫid an tseaċtain seo caite, cúisíoḋ Liam Ó Baoill, Leaċ Beag Ṫeas, Béal an Ṁuirṫid gur loit sé go mailíseaċ agus go neaṁ-ḋleaṫaċ, Proinnsias Ó Bairéad, Baile Ṁaċ Ċaoráin, le h-intinn maċall nó gortú nó loit nó doċar coirp a ḋéanaṁ dó. Beirt ċol-ceaṫrar isea an gearánaí agus an cosantóir. Dúirt an Ceannfort Uilson go ndeaċa Bairéad agus Ó Baoill isteaċ go dtí an halla daṁsa ag Fód Duḃ ar Doṁnaċ Cásca. Ċas siad lena ċéile taoḃ amuiġ den halla daṁsa agus dúirt Bairéad ag tagairt do argóint a ḃí acu cúpla lá roiṁe, "Tá mé buarṫa faoi sin. Tá súil agam naċ cáirde níos measa sinn dá ḃárr." 'Na ḋiaiḋ sin ḃuail Ó Baoill Bairéad agus ṫit an ḃeirt acu. Níor ḃuail Báiréad Ó Baoill. Taréis na toda ḃí Ó Báiréad ag cur fola óna ċeann agus ċuaiġ sé ċuig an Dr. Ó Ceallaiġ a fuair loit scine ag taoḃ a ċluais clé. Dúirt an doċtúir go ḃféadfaí an loit a ḋéanaṁ le scian nó stilleto. Ġearr sé feiṫ, aċ, aḋṁar go leor stad an ḟuil. Ḃí loit eile ar an ġualainn ḋeas. Ligeaḋ Báiréad na ḃaile agus níor ġá é ċur ċuig an ospidéal. Dúirt an Ceannfort ceann as go raiḃ aċrann géad éigin i gceist go raiḃ an cás níos troime.

D'aḋṁaiġ C. Loftus ṫar cionn an ċosantóra gur sin mar a ḃí, aċ ḋéarfaḋ sé gur Ó Bairéad a ċur troid ar Ó Baoill ar tús. Ní raiḃ Ó Bairéad ag iompar scian, aċ ḃain sé úsáid as píosa gloine nó rud éigin géar a fuair sé ar an talaṁ. An fear eile a ḃuail é ar tús. An Giúistís — Seo cúis ṫrom. Ṫiocfaiḋ leis a ḃeiṫ ar cúis i ḃfad níos troime ná seo. Dúirt an Ceannfort Uilson go ḃfuarṫas an scian i seilḃ Uí Ḃaoill ina ḋiaiḋ sin. Fuair an Giúistís Mac Gaċán, an cosantóir ciontaċ, agus ċuir sé breiṫ trí ṁí príosúntaċt air, gan é ċur i ḃfeiḋm ná ċoinníonn sé an tsíoċán ar feaḋ sé ṁí.

Ba ṁaiṫ mar láiṁseáil an Dr. Loftus, príoṁ ċluiċe an léig idir Gaillim agus Muiġeo. Comġáirdeas. Tá iarraiḋ mór ar an doċtúir fá ċoinne moltóireaċt ar cluiċí, ní hé aṁáin cluiċí móra aċ cluiċí camáin agus léig i gceantar Iorras agus Muiġeo ṫuaiḋ, agus bíonn sé fonnṁar i gcónaí ar an obair a ḋéanaṁ.

Tá stiúrṫóir Oifig Státistíoċta taréis na daoine seo a leanas a ċeapaḋ mar oifigeoirí cúnta le statistíoċt talṁaíoċt a ḃailiú i gceantar Iorras: Seán Ó Muineaċáin, Ros Duṁaċ, Miċeál S. Judge, Béal Deirg; T. Ó Conḃaí, Bárr na Trá; Seán Mac Doṁnaill, P.C., Gleann na Muaiḋe.

Diardaoin seo caite ḃí cluiċe deas idir an foireann soisear ⁊ an foireann idir-ṁeanaċ ag Béal an Ṁuirṫid, agus le roinnt ṁaiṫ imireoirí cliúṫaċa ar an dá ḟoireann, baineaḋ sult as an cluiċe.

Fáilte roiṁ Áine Ní Ċinnéide, as Foxford, atá taréis teaċt ag teagasc go dtí gairmscoil Béal an Ṁuirṫid.

Comġáirdeas leis an Gárda T. Ó Tuaṫáil, Fód Duḃ, ar éiriġ leis le déanaí insan scrúdú do Sáirsint ins na Gárdaí. Is mac aonair é do Ruaiḋrí Ó Tuaṫail agus Bean Uí Ṫuaṫail, Port a' Cluaiḋre. Ċaiṫ sé tamall ina ġárda i Leitir Ceanainn, Nollymount, ⁊ faoi láṫair tá sé ag Fód Duḃ.

Ag Óstán Mac Cárrṫaiġ, Inḃear, an tseaċtain seo caite. Ḃuail foireann Béal an Ṁuirṫid ofireann Inḃear le seaċt cluiċí i gcoinniḃ sé cluiċí ag comórtas sleaġ (darts).

Le déanaí, pósaḋ Pádraic Ó Ruaḋáin, an mac is óige do Tomás Ó Ruaḋáin agus Bean Uí Ruaḋáin, Oifig an Poist, Cloċar, ⁊ Caitlín Breaṫnaċ, iníon is óige do Miċeál Breaṫnaċ, agus Bean Uí Ḃreaṫnaċ, naċ maireann, Fód Duḃ. Aċ, ní in Iorras a pósaḋ iad, aċ ṫall in Nottingham. Ḃí an ḃrideóg ag caiṫeaṁ gúna lánḟad le satin bán agus ceannbeart feiliúnaċ. Ḃí sí ag iompar bláfleasc de carnations dearga. A deirfiúr, Bean Uí Ḃreaṫnaċ, a ḃí ag freastal uirṫi, agus ba é Pádraic Breaṫnaċ, a ḃí ag freastal ar an ḟear nua-ṗósta. Ḃí an ḃainis insan Óstán Teaṁair, Nottingham, agus tá siad ag caiṫeaṁ mí na meala ag ṫuras timpeall na hAlban.

Siabaḋ buidéal isteaċ ar an ċladaċ ag an Fál Ṁór, Fód Duḃ, agus fuair Antoine Ó Caṫáin é. Ḃí nóta ann seolta ċuig Stáisiún Iascaireaċta mara agus Talṁaíoċta, Aberdeen. Ċuir Ó Caṫáin ar aġaiḋ ċuig an seolaḋ sin é.

Tá Bean Ṁiċíl Breaṫnaċ, Imleaċ Beag, Fód Duḃ, agus Bean Ṁáirtín Toner, Tiorán, Cloċar, ar siúl go Lourdes, ar oiliṫreaċt cúig-lá.

Ḃí aonaċ measarṫa mór i mBéal an Ṁuirṫid an tseaċtain seo caite aċ ḃí gannṫanas ceannaiṫeoirí ann a d'ḟág an stoc gan mórán éileaṁ. Ḃí doṫain caoirí agus banḃáin agus gaṁna bliana ar tairiscint. Ċuaiġ banḃáin ó £10-£12 an péire; bullóga bliana, £28 - £30; bearraiġ, £25 - £28; ba ionlaoiġ, £60 - £70; bulláin móra, £80 - £90; caoirí le uain — £7-£8.

Go dtí seo tá cuma i ḃfad níos fearr ar an séasúr turasóireaċta ná mar a ḃíoḋ blianta ar biṫ eile. Deir na tiṫe ósta go ḃfuil i ḃfad níos mó cuairteoirí as taoḃ amuiġ den tír ag teaċt ċeana féin.

AONTAÍ AG IMEAĊT I DÚN NA NGALL

Tá na haontaí ag imeaċt fríd gaċ áit i nDún na nGall. Tugaḋ seo fé ndear ar tús ins na h-áiteaċa iargúlta mar Cill Ċárṫa agus Gleann Ċolmcille, agus Gaoṫ Doḃair ⁊ Gort a' Ċoirce. Áit a raiḃ nós ann ag na ceannaiṫeoirí dul tríd na bailte ag ceannaċt óna feirmeoirí sa ḃaile. Tá seo níos sásúla ag na feirmeoirí, aċ san am ċéanna, tá baol leis, mar beiḋ siad i ḃfad níos measa as más rud é go stadann ceannaiṫeoirí a ṫeaċt ċuig na h-aontaí, ⁊ anois tá na haontaí ins na bailte móra dá dtréigḃeáil ċoṁ maiṫ, mar tá na marts ag glacaḋ a n-áit agus d'ḟéadfaḋ sé go mbeaḋ buaireaṁ ar ḟeirmeoirí go fóill mar ní ḃeiḋ sé ċoṁ furasta ag luċt na ḃfeirmeaċa beaga ar an taoḃ ṫiar den ċondae go speisialta, ainmniṫe atá le díol a ṫaḃairt ċoṁ fada le mart, agus má stadann ceannaiṫeoirí a ṫeaċt ċuig na h-aontaí, ṫig le duine nó beirt ḋul tríd na bailte agus ḃeaḋ siad ábálta suí i mbun feirmeoirí a mbeaḋ stoc le díol acu.

Níl tada cosúil leis an ċoiṁlint, agus ḟad agus ḃí an ċoiṁlint ann ar na h-aontaí ḃí feirmeiorí agus duine ar biṫ a raiḃ beiṫíoċ ar biṫ le díol aige, cinnte go ḃfaiġeaḋ sé an pigin ab' airde a ḃí le fáil. Tá an rud céanna fíor fán na caoirí agus níl sé furasta ag daoine ón taoḃ ṫiar den ċondae caoirí a ṫaḃairt píosa mór fada go dtí mart.

B'ḟiú don ṗobal agus na feirmeoirí seasaṁ níos fearr do na h-aontaí agus a gcuid stoc agus eile a ḋíol ar na h-aontaí ⁊ diúltú glacaḋ le tairiscintí a tugtar ḋíoḃa ag daoine a ṫéann fríd na tiṫe, mar tá an luaċ árd agus éileaṁ géar anois, agus d'ḟéadfaḋ sé dá mairfeaḋ sé mar sin i gcónaí agus d'ḟéadfaḋ feirmeoirí a ḃeiṫ ṫíos go maiṫ leis as a ḃeiṫ ró ḟonnṁar le glacaḋ le praġasanna a tugtar ḋíoḃa ó ḋaoine atá ag taisteál fríd bailte.

GAEILGEOIR AṀÁIN AS 101 IARRAṪÓIR DON TSEANAID

TÁ 101 IARRAṪÓIRÍ AR LORG AN 43 SUÍOĊÁIN INSAN TSEANAD. INSAN TOĠĊÁN AR SIÚL AN TSEAĊTAIN SEO.

Dé Céadaoine na seaċtain seo cuireaḋ na ḃótaí amaċ ċuig na Coṁairleoirí Condae, Teaċtaí Dála agus iar-Ṡeanadóirí a ḃéas ag ḃótáil, agus ní mór na ḃótaí a ḃeiṫ ṫar n-ais ar Cléireaċ na Seanaide roiṁ an Ṁáirt, an 8ú lá de Ṁeiṫiṁ.

AS AN 101 IARRAṪÓIRÍ DO IONAID INSAN TSEANAD, NÍL AĊ AON IARRAṪÓIR AṀÁIN FIÚ AṀÁIN A ÉILÍONN GO ḂFUIL EOLAS AGUS TAIṪÍ AIGE AR TEANGA AGUS SAOṪÚLAĊT NA HÉIREANN. SÉ AN DUINE AṀÁIN SIN, PEADAR Ó CEALLAIĠ, IONADAÍ ṀUINTIR NA GAELTAĊTA.

B'aisteaċ ar fad é i Seanad, go ḃfuil rannóg ar leiṫ ann do ċúrsaí Saíoċta agus Oideaċais, naċ dtoġfaí fiú duine aṁáin go mbeaḋ eolas speisialta aige ar Teanga agus Saoṫúlaċta na tíre.

Níl aċ 5 suíoċán ar an rolla Saíoċta agus Oideaċais, agus tá 18 iarraṫóir do na 5 suíoċáin sin. Tá seisear ḋíoḃa sin ar fó-rolla an Oireaċtais, agus 12 ar rolla na gComluċtaí Ainmniúċáin. Ní mór 2 ar a laġad a ṫoġaḋ ó gaċ fó rolla ḋíoḃ sin.

Seo é an ċéad uair ariaṁ ar ṫárla sé naċ raiḃ aċ aon duine aṁáin ar an Rolla seo a raiḃ eolas agus taiṫí ar leiṫ aige ar Teanga agus Saíoċta na hÉireann.

Tá ḃóta ag gaċ duine den 873 toġṫóirí ar gaċ ceann de na cúig panel, agus is de réir na h-ionadaċta cionnṁaire a níṫear é. Beiḋ tábaċt i ní h-aṁáin uiṁir 1, aċ suas go dtí 5 nó 10. nó níos fuide, b'ḟéidir, toisc go ḃfuil an oiread sin iarraṫóirí ar an rolla Saíoċta agus Oideaċais. Cuireaḋ na ḃótaí sa ṗost ag na Coṁairleoirí, cúig cinn acu, ar an Ceadaoine seo caite. Ní mór ḋíoḃa na cúig páipéar agus iad bán, a ṫaispeáint do Oifigeaċ údaraiṫe. Agus ansin iad a ṁarcáil faoi ḋiscréid, ina láṫair-san iad a ċuir isteaċ i gclúdaċ, agus an clúdaċ sin a ḃeiṫ síniṫe ag an toġṫóir féin agus ag an Oifigeaċ Údaraiṫe. Agus é a ċur ċuig Cléireaċ na Seanaide le post cláraiṫe.

Foilseófar na torṫaí ar an 10ú lá de Ṁí Ṁeiṫiṁ.

Roiṁe seo, ḃíoḋ Eamonn Ó Ciosáin ag muintir Ḟianna Fáil agus an t-Ollaṁ Ó hAoḋa, ag Fine Gael, beirt go ḃfuil árd ċliú orṫa ó ṫaoḃ na Gaeilge de. Tá an ḃeirt acu ag éirí as anois, agus níor h-ainmníoḋ Gaeilgeoir sontasaċ ar biṫ ina n-ionad.

An Roinn Cosanta



DALTAÍ AG TEASTÁIL

ón tSeirbhís Chabhlaigh

Caighdeán Oideachais

Árd Teistiméireacht (Pas) nó a comhionann

(a) pas i nGaeilge, Béarla, Fisic agus dhá ábhar eile (ar a bhfuil Matamaitic nó Matamaitic Fheidhmeach.

nó

(b) pas i nGaeilge, Béarla, Fisic agus Matamaitic nó Matamaitic Fheidhmeach agus onóracha i dtrí cinn de na acha i dtrí cinn de na hábhar sin.

Glacfar iarratais ó dhaoine atá ag dul faoi scrúdú na hÁrd-Teistiméireachta i mbliana.

Glacfar iarratais freisin ó dhaoine a bheidh ag dul faoi scrúdú eile den chaighdeán céanna ach a thorthaí sin a bheith ar fáil ar, nó roimh, an dáta ar a mbeidh torthaí na hÁrd-Teistiméireachta ar fáil.

Aois-Teorainneacha

17–20 ar 1ú Iúil, 1965

Bronnadh Daltas

Ní mór do gach iarrthóir dul faoi scrúdú dochtúra agus faoi scrúdú béil i nGaeilge. Má éiríonn leis sa dhá scrúdú sin beidh air dul ós comhair Bóird Agallaimh. Iarrthóirí go bhfuil an caighdeán oideachais riachtanach acu bronnfar Daltais orthu de réir torthaí an Agallaimh agus torthaí an scrúdú béil i nGaeilge.

Comórfar an Bórd Agallaimh tar éis scrúdaithe na hÁrd-Teistiméireachta.

Dáta is déanaí le haghaidh iarratas

11ú Meitheamh, 1965

Gach eolas agus foirmeacha iarratais le fáil ón Rúnaí, an Roinn Cosanta (R6E), Geata na Páirce, Baile Átha Cliath, 8.

DÍLSEACHT—MISNEACH—ONÓIR

AN ROINN COSANTA

DALTAÍ AG TEASTÁIL ÓN ARM

Aois-Teorainneacha

17–20 ar 1ú Iúil, 1965

Caighdeán Oideachais

Árd-Teistiméireacht (Pas) nó a comhionann.

Glacfar iarratais ó dhaoine atá ag dul faoi scrúdú na hÁrd-Teistiméireachta i mbliana. Glacfar iarratais freisin ó dhaoine a bheidh ag dul faoi scrúdú eile den chaighdeán céanna ach a thorthaí sin a bheith ar fáil ar, nó roimh, an dáta ar a mbeidh torthaí na hÁrd-Teistiméireachta ar fáil.

Dáta is déanaí le haghaidh iarratas.

11ú Meitheamh, 1965

Bronnadh Daltas

Ní mór do gach iarrthóir dul faoi scrúdú dochtúra agus faoi scrúdú béil i nGaeilge. Má éiríonn leis sa dhá scrúdú sin beidh air dul ós comhair Bóird Agallaimh. Iarrthóirí go bhfuil an caighdeán oideachais riachtanach acu, bronnfar Daltais ortha de réir torthaí an Agallaimh agus torthaí an scrúdú béil i nGaeilge.

Comórfar an Bórd Agallaimh i mbliana tar éis scrúdaithe na hÁrd-Teistiméireachta.

An Scoil Eachaíochta

Coimeádfar roint Daltas ar leithligh do dhaoine a mheasfar bheith oiriúnach mar mharcaigh don Scoil Eachaíochta.

Gach eolas agus foirmeacha iarratais le fáil ón Rúnaí, An Roinn Cosanta (R6E), Geata na Páirce, Baile Átha Cliath, 8.

DÍLSEACHT — MISNEACH — ONÓIR